Straitéis Idirlín don Óige

Foras na Gaeilge

Clár: **Leathanach**

Réamhrá **2**

Achoimre Fheidhmeach **2**

Aidhmeanna **5**

Cur Chuige **5**

Torthaí **7**

Conclúidí **8**

Suíomhanna Gaeilge atá ann cheana **10**

Bearnaí **11**

Aguisíní **Ar CD a ghabhann leis an gcáipéis seo**

Aguisín 1a) Suirbhé Bunscoile
Aguisín 1b) Suirbhé Meánscoile
Aguisín 2. Liosta na scoileanna a fuair ceistneoirí
Aguisín 3a) Bunscoileanna na bhFócasghrúpaí
Aguisín 3b) Meánscoileanna na bhFócasghrúpaí
Aguisín 4a) NPLD
Aguisín 4b) An Coimisiún Um Rialáil Cumarsáide_Taighde a rinne Millward Brown IMS
Aguisín 4c) An Coimisiún Um Rialáil Cumarsáide_Eispéireas Idirlín agus leathanbhanda Úsáideoirí Cónaithe
Aguisín 4d) Príomh-Oifig Staidrimh na hÉireann_Information Society and Telecommunications 2008
Aguisín 4e) Eolas faoin leathanbhanda ó dheas agus ó thuaidh
Aguisín 4f) Staitisticí 2008 ó thuaidh
Aguisín 5a) Comhairliúchán leis na hEagraíochtaí
Aguisín 5b) Liosta na nEagras ar bhuaileamar leo
Aguisín 6. Ábhar Gaeilge atá ar fáil cheana féin

Réamhrá:

Níos minice ná riamh tá daoine ag dul ar líne ag lorg eolais, ag déanamh cumarsáide lena chéile, ag obair, ag cruthú ceol, físeán agus siamsaíocht de gach cineál, go háirithe daoine óga. Is gá duinn, i bpobal na Gaeilge, a chinntiú go bhfuil gach a bhfuil á thairiscint againn ó thaobh seirbhisí de ag freastal mar is cuí ar an dinimic seo. Léiriú suntasach amháin air seo is ea an athfhorbairt iomlán atá déanta ag Foras na Gaeilge ar an láithreán gréasáin www.gaeilge.ie. Bhí sé mar aidhm againn le www.gaeilge.ie lárionad eolais a chruthú ar líne d'aon duine a bheadh ag iarraidh plé le haon ghné den teanga. Ach níl ansin ach gné amháin den obair atá le déanamh. Is gá dúinn breathnú ar spriocghrúpaí difriúla agus a chinntiú go bhfuil na seirbhísí atá de dhíth orthu á soláthar. Sa chomhthéacs seo d'iarr an Bord i mí Feabhra go réiteofaí straitéis idirlín don óige. Sa cháipéis seo déantar mianta an aosa óig a léiriú bunaithe ar thaighde allamuigh, bearnaí seirbhíse a aithint agus moltaí a dhéanamh maidir leis na bearnaí sin a líonadh.
Moltar don Bhord an cháipéis seo a ghlanadh mar phlécháipéis le gur féidir í a chur amach le haghaidh comhairliúcháin phoiblí 10 seachtaine.

Achoimre Fheidhmeach:

Bunaíodh grúpa oibre i mí Feabhra 2009 le tabhairt faoi Stráitéis Idirlín don Oige a dhréachtadh.
Baill an ghrúpa seo ná:

- Leas-Phríomhfheidhmeannach / Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais
- Máistir Gréasáin
- Ard-Oifigeach Feidmiúcháin, Teicneolaíocht na Faisnéise
- Clárbhainisteoir Oideachais
- Oifigeach Foirne : Oideachas – Óige agus Iarscoil

Na mórcheisteanna a bhí ag an ngrúpa seo agus iad i mbun oibre ná

- Cad iad na seirbhísí atá á lorg ag daoine óga ar líne?
- An bhfuil spriocmhargaí éagsúla ann do na seirbhísí seo?
- Cad atá ann cheana féin i nGaeilge?
- Cad iad na bearnaí idir mianta an aosa óig agus a bhfuil ar fáil cheana?

Próiseas:

Chuaigh an grúpa oibre i mbun taighde i measc daoine óga. Scaipeadh ceistneoirí ar 24 scoil agus rinneadh ocht bhfócasghrúpa a eagrú ar fud an oileáin, ag cinntiú go raibh meascán maith ann de scoileanna Gaeilge, Béarla agus Gaeltachta, ag an mbunleibhéal agus ag an iarbhunleibhéal. Rinneadh dianscrúdú ar thaighde atá déanta ag grúpaí eile, An Coimisiún Um Rialáil Cumarsáide agus Príomh-Oifig Staidrimh na hÉireann ina measc agus

rinneadh teagmháil le heagraíochtaí Gaeilge. Tá liosta na n-eagraíochtaí seo le fáil sna haguisíní.

Úsáid:

Léirigh staitisticí ó fhoinsí ar nós Phríomh-Oifig Staidrimh na hÉireann, agus ó National Statistics, sa Ríocht Aontaithe go bhfuil an t-Idirlíon anois ar fáil in os cionn leath na dteaghlach ar an oileán seo agus go bhfuil an tóir is mó ar an idirlíon i measc daoine óga. Léirigh an taighde céanna gurb é an ríomhaire sa bhaile fós an áit is mó a bhfuil rochtain ag daoine óga ar an idirlíon ach go bhfuil an-seans ann go mbeidh fás in úsáid gléasanna soghluaiste ar nós an iPhone.

Ábhar:

Léirigh an taighde go raibh dhá spriocghrúpa ar leith ann i measc daoine óga agus mianta éagsúla acu.

I measc páistí ón aoisghrúpa 4 – 11 bhí suim ar leith acu i gcluichí simplí a imirt, go minic bainteach le carachtair theilifíse. Léirigh siad gur bhain siad úsáid an-teoranta as cláir theachtaireachta agus go raibh suim ar leith acu i suíomhanna eolais, go háirithe eolas faoin domhan mórthimpeall orainn.

I measc an spriocghrúpa eile, daoine óga idir 12 – 18 bhí pictiúr éagsúil ar fad ann. Is i líonraí sóisialta is mó a bhí suim ag an ngrúpa seo. BEBO an líonra is coitianta i measc daoine den aois seo ach luadh a leithéid Facebook agus MySpace freisin. Is breá leis an spriocghrúpa seo a chuid siamsaíochta a lorg ar líne freisin ar shuíomhanna ar nós Youtube, MySpace agus iTunes. Gné eile a tháinig chun solais sa taighde ná an gaol atá idir an tIdirlíon agus cláir theilifíse áirithe. Tháinig suíomhanna ar nós www.disneychannel.com agus www.bbc.co.uk/cbbc chun cinn go mór sa taighde. Luadh freisin go raibh an-suim ag an spriocghrúpa in áiseanna a chabhróidh leo agus iad ag ullmhú do na scrúduithe Gaeilge.

A bhfuil ar fáil cheana féin:

Cé go bhfuil cuid mhaith Gaeilge le fáil ar an idirlíon níl an oiread sin dírithe ar an aos óg. Don aoisghrúpa ó 4 – 11 tá roinnt bheag déanta ag an BBC agus ag TG4 ach lasmuigh de sin tá fiorbheagán ann. Tá an scéal beagán níos fearr don aoisghrúpa 12-18. Tá go leor próifíl i nGaeilge ar fáil ar BEBO, tá Facebook logánaithe agus tá roinnt mhaith micreasuíomh ag cláir theilifíse TG4 agus ag an BBC mar shampla. Tá forbairt an-mhaith déanta ag Nós* ar iris do dhaoine os cionn 18 mbliana.

Bearnaí

Ag éirí as an taighde, seo a leanas na bearnaí seirbhíse is mó atá tugtha faoi deara againn:

Aoisghrúpa 4-11
- Easpa cluichí idirghníomhacha
- Easpa clár teachtaireachta simplí
- Easpa láithreán eolais dírithe ar an spriocghrúpa
- Easpa líonraí idir scoileanna

Aoisghrúpa 12 – 18
- Easpa líonraí sóisialta i nGaeilge
- Easpa cluichí oiriúnacha i nGaeilge
- Níl an t-eolas atá ag teastáil ar fáil i nGaeilge (Spórt, Faisean, Ceol srl.)
- Easpa comhordaithe / poiblíochta, gach rud an-scaipthe
- Easpa líonraí idir scoileanna

Moltaí

Tá dhá príomh-mholadh straitéiseacha á ndéanamh againn ag éirí as an taighde seo, is é sin

1. Tairseach nua a fhorbairt don aoisghrúpa 4-11
2. Tairseach nua a fhorbairt don aoisghrúpa 12-18

le seirbhísí atá ann cheana agus le seirbhisí nua a chur ar fáil do na spriocghrúpaí éagsúla. I bhfianaise an chomhthéacs reatha buiséid, áfach, rinneamar na moltaí sin a bhriseadh síos mar seo a leanas, de réir spriocghrúpa:

Aoisghrúpa 4 - 11
- Moltar dul i gcomhpháirtíocht leis na meáin Ghaeilge le cluichí a fhorbairt
- Moltar dul i gcomhpháirtíocht le foilsitheoirí na Gaeilge le hábhar a fhorbairt bunaithe ar charachtair ina gcuid leabhar
- Moltar na féidearthachtaí a bhaineann le ciclipéid idirghníomhach Gaeilge a fhorbairt ar líne

Aoisghrúpa 12 – 18
- Moltar dul i bpáirt le BEBO le logánú a dhéanamh ar an líonra sóisialta agus tabhairt faoi ghníomhaíochtaí bunaithe air sin.
- Moltar suíomh nua idirghníomhach a fhorbairt a chlúdaíonn ábhair suime na ndaoine óga, ar nós ceoil, taistil, scannán, teicneolaíochta, tuismeánna srl.
- Moltar táirseach nua a fhorbairt do na meáin Ghaeilge uilig
- Moltar tairseach nua a fhorbairt d'áiseanna foghlama ar líne.

Moltar na féidearthachtaí a bhaineann le ríomhnascadh a fhiosrú le gréasán idir scoileanna a fhorbairt.

Moltar feachtas uileghabhálach poiblíochta a reáchtáil chun a chinntiú go bhfuil an t-eolas faoi na seirbhísí atá ar fáil amuigh i measc na ndaoine óga.

Aidhmeanna:

Sa chás seo aithníodh go raibh cúig cheist shonracha le freagairt againn agus an straitéis seo á cur le chéile. Seo a leanas na ceisteanna sin:

- Cad iad na seirbhísí ar líne atá á lorg ag daoine óga?
- An bhfuil seirbhísí ar leith á lorg ag spriocmhargaí ar leith?
- Cad atá ann cheana i nGaeilge?
- Cad iad na bearnaí idir na seirbhísí atá ann agus na seirbhísí atá ag teastáil?
- Conas is fearr na bearnaí seirbhíse a líonadh?

Leis na ceisteanna sin a fhreagairt shocraíomar dul i mbun plé go díreach le páistí agus daoine óga chun a aithint cad iad go díreach na seirbhísí ar líne atá á lorg acu, an raibh spriocmhargaí éagsúla ann i measc na n-aoisghrúpaí, cad iad na seirbhísí atá in úsáid acu faoi láthair, in aon teanga, cad é atá ann faoi láthair i nGaeilge agus tríd sin cad iad na bearnaí i soláthair na seirbhísí. Freisin, d'aithin muid gur ghá an cheist a chur, 'Má tá seirbhísí breise le soláthar, conas is fearr iad sin a chur ar fáil?'

Cur Chuige:

Bhí trí ghné ar leith ag baint leis an gcur chuige a roghnaíodh don tionscadal seo; taighde príomhúil, taighde tánaisteach agus comhairliúcháin leis na heagraíochtaí Gaeilge.

- **An Grúpa Oibre**

Ar dtús bunaíodh grúpa oibre trasrannógach san Fhoras leis an gcur chuige a dhréachtú, le próiseas a leagan amach agus leis an obair a stiúradh. San áireamh ar an ngrúpa oibre seo bhí An tOifigeach Óige, an Máistir Gréasán, ionadaithe ón rannóg Cumarsáide agus Margaíochta agus ón Rannóg Oideachas faoi stiúir an Leas-Phríomhfheidhmeannaigh / Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais.

- **Suirbhé**

Ó thaobh taighde príomhúil de, rinneadh dhá shuirbhé ar leith, ceann dírithe ar bhunscoileanna agus ceann dírithe ar iarbhunscoileanna, a scaipeadh ar cheithre scoil is fiche. (Féach Aguisín 1a, 1b, 2) Roghnaíodh na scoileanna go cúramach chun a chinntiú go raibh gach saghas scoil san áireamh, gaelscoileanna agus gaelcholáistí, thuaidh agus theas, scoileanna Béarla, thuaidh agus theas agus scoileanna Gaeltachta. D'fhág seo go raibh tuairimí againn ó thrasghearradh ionadaíoch d'aos óg na hÉireann.

- **Fócasghrúpaí:**

Roghnaíodh 8 scoil, ó gach cearn den tír le páirt a ghlacadh i bhfócasghrúpaí, bunaithe ar thorthaí na gceistneoirí. Roghnaíodh na scoileanna go cúramach, ag cinntiú go raibh meascán de bhunscoileanna Béarla/Gaeilge, Meánscoileanna Béarla/Gaeilge agus scoileanna Gaeltachta, thuaidh agus theas. Freisin úsáideadh caighdeán agus cuimsitheacht na bhfreagraí ón suirbhé, go háirithe díograis agus suim na scoileanna sa réimse seo, mar chritéir i roghnú na scoileanna. D'fhág seo go raibh trasghearradh ionadaíoch againn sna fócasghrúpaí a bhí tar éis suim a léiriú san ábhar cheana féin. Tugadh cuairt ar na scoileanna a thug an-aischothú is fearr sna ceistneoirí. Roghnaíodh 8 daltaí le haghaidh gach aon fhócasghrúpa. Bhí na daltaí seo ionadaíoch ar réimse leathan aoisghrúpaí i ngach scoil. Mhair na fócasghrúpaí idir 40 nóiméad agus uair a chloig ar fad. Úsáideadh ríomhaire glúine, clár bán nó seomra ríomhaireachta le linn na bhfocasghrúpaí, ag brath ar an scoil, chun na suíomhanna éagsúla a thaispeáint do na scoláirí.

- **Bunscoil**: Roghnaíodh ochtar ó gach aon bhunscoil: beirt ó rang 3, beirt ó rang 4, beirt ó rang 5, beirt ó rang 6. Pléadh cúrsaí idirlín, bunaithe ar na ceistneoirí a bhí comhlánaithe acu sa seomra ranga chun tuiscint níos fearr a fháil ar bharúlacha na scoláirí ar chúrsaí idirlín. Taispeánadh na suíomhanna ba choitianta a luadh sna ceistneoirí dóibh agus pléadh iad go ginearálta; cad a thaitníonn leo/cad é nach dtaitníonn leo; cad atá furasta nó deacair a rochtain dóibh; cad atá go maith/nach bhfuil go maith. Seoladh bileog cheada ar aghaidh chuig na scoileanna roimh ré dá dtuismitheoirí. (Féach Aguisín 3a)

- **Meánscoil**: Maidir leis na hiarbhunscoileanna, roghnaíodh ochtar ón leibhéal sóisir agus ochtar ón leibhéal sinsir. Pléadh cúrsaí idirlín, bunaithe ar na ceistneoirí a bhí comhlánaithe acu sa seomra ranga chun tuiscint níos fearr a fháil ar bharúlacha na scoláirí ar chúrsaí idirlín. Clúdaíodh úsáid an idirlín ó thaobh cúrsaí pearsanta de chomh maith le cúrsaí oideachasúla agus bailíodh na tuairimí agus na moltaí a bhí acu. Tugadh léargas níos cuimsithí dúinn ná mar a fuaireamar ó na ceistneoirí agus bhí an deis againn eolas níos cruinne agus níos doimhne a bhailiú. Is ó na fócasghrúpaí seo a tháinig bunús na moltaí. (Féach Aguisín 3b)

- **Taighde Eile**

Maidir le taighde tánaisteach, rinneadh scagadh ar thaighde a rinne comhlachtaí eile, An Coimisiún Um Rialáil Cumarsáide, Príomh-Oifig Staidrimh na hÉireann agus NPLD ina measc, le pictiúir níos soiléire a fháil ar an úsáid atá ag daoine óga den idirlíon, cén áit is mó a mbaintear úsáid as agus cé chomh forleathan is atá an úsáid sin. (Féach Aguisíní 4a, 4b, 4c, 4d, 4e, 4f)

- **Comhairliúchán**

Chomh maith leis an taighde seo rinneadh comhairliúchán leis na heagraíochtaí Gaeilge, (Féach Aguisín 5a). Lorgaíodh eolas faoina bhfuil ar siúl ar líne don aos óg sna heagraíochtaí agus lorgaíodh freisin moltaí agus tuairimí ó na heagraíochtaí ar a bhfuil ag teastáil. Rinneadh liosta cuimsitheach a chur le chéile den chineál ruda atá ar fáil cheana féin chun cabhrú linn agus muid ag iarradh bearnaí seirbhíse a aithint. Bhí sraith cruinnithe againn le heagraíochtaí a bhíonn ag plé leis an aos óg freisin chun a chinntiú go raibh smaointe agus moltaí againn uatha siúd atá ag saothrú sa ghort. (Féach Aguisín 5b)

Torthaí:

- **Úsáid.**

Léiríonn taighde a rinne Millward Brown IMS don Choimisiún um Rialáil Cumarsáide 2008 go bhfuil teacht ag 58% de theaghlaigh i bPoblacht na hÉireann ar an idirlíon anois agus tá an figiúr sin ag dul i méid gach bliain. Tá sé amhlaidh sa tuaisceart áit a ndeir 'National Statistics', go raibh, in 2008, teacht ar an idirlíon ag 56% de theaghlaigh an Tuaiscirt.

In Éirinn, agus ar fud an domhain, is é an t-aos óg is mó atá ag baint úsáide as an Idirlíon. Má bhreathnaímid ar Information Society and Communications, 2008, Príomh-Oifig Staidrimh na hÉireann, bhain 87% de dhaoine idir 16-24 bliain úsáid as an idirlíon i 2008. Feicimid ó na staitisticí sin go dtagann ísliú ar an gcéatadán atá ag baint úsáide as an idirlíon de réir a chéile i ndiaidh an aois-ghrúpa sin :

Aois	%
16-24	87%
25-34	83%
35-44	76%
45-54	60%
55-64	42%
65-74	21.5%

Cé nach dtugann seo pictiúr soiléir dúinn ar an úsáid atá ag daoine níos óige ná sé bliana déag, is féidir linn a thuiscint uaidh sin go bhfuil an figiúr sin ard chomh maith, go háirithe i bhfianaise na suirbhéanna agus na bhfócasghrúpaí atá déanta againn.

Tá raon leathan bealaí ag an aos óg teacht ar an Idirlíon ach léiríonn taighde Millward Brown IMS don Choimisiún um Rialáil Cumarsáide, thuasluaite, gurb é an ríomhaire sa bhaile fós an bealach is coitianta. Sin ráite, i measc an aoisghrúpa 15–24 go háirithe, tá fás ag teacht ar úsáid ríomhairí glúine agus le fás i soláthar Wi-Fi agus rochtain shoghluaiste ó chomhlachtaí sa mhargadh fóin póca (Mobile Internet seachas 3G internet ag úsáid fón póca). Léiríonn an taighde céanna go bhfuil drogall ar dhaoine an tIdirlíon a úsáid ar an nguthán póca de bharr an chostais a bhaineann leis ach go bhféadfadh

athrú teacht ar an scéal seo le teacht uirlisí níos fearr ar nós an iPhone. Má thagann an t-athrú atá tuartha sa réimse seo is i measc an aosa óig a thosnóidh sé agus b'fhiú duinn súil ghéar a choinneáil air.

Conclúidí an taighde

Ag éirí as an taighde a rinneadh, go háirithe as na suirbhéanna agus na fócasghrúpaí, tá sé soiléir duinn go bhfuil dhá spriocghrúpa ar leith ann. Is féidir an dá ghrúpa seo a roinnt de réir aoise, 4 – 11 agus 12 – 18. Cé go bhfuil sé fíor go bhfuil roinnt mhaith trasnú idir an aois 10 – 13 léiríonn an taighde go bhfuil mianta éagsúla ag an dá spriocghrúpa seo.

- **Aois a 4 – aois a 11:**

Go príomha, is éard atá á lorg ag an spriocghrúpa seo ná suíomhanna simplí, bríomhara, daite a chuireann ar chumas na bpáistí idirghníomhú leis an Idirlíon ar bhealach spraíúil. I measc na rudaí is mó a thaitníonn leis an aoisghrúpa seo ná:

- **Cluichí**: Is breá leis na páistí cluichí idirghníomhacha. Is féidir leo cluichí simplí a imirt nó is féidir leo carachtar a chruthú agus cluichí a imirt leis an gcarachtar sin. Go minic is féidir na cluichí seo a imirt i gcoinne daoine eile ar líne. Sna suíomhanna Club Penguin agus Moshi Monsters, mar shampla, bíonn deis acu idirghníomhú leis an domhan ina bhfuil siad, carachtar a dhearadh, cluichí a imirt, tascanna a dhéanamh agus tabhairt faoi mhisin éagsúla. Ar shuíomhanna ar nós cbeebies.co.uk nó disneychannel.com bíonn siad in ann cluichí a imirt le carachtair theilifíse a bhfuil aithne acu orthu.

  Go minic bíonn cruthaitheacht ag baint leis na cluichí, bíonn dathú le déanamh ar líne nó bíonn leathanaigh ann le priontáil le gur féidir dathú a dhéanamh sa bhaile. I gcás suíomhanna eile bíonn na páistí in ann mainicín a ghléasadh, nó teach a leagan amach. Go minic bíonn gné oideachasúil ag baint leis na cluichí seo ach bíonn siad ag foghlaim ar bhealach spraíúil, go minic i ngan fhios dóibh féin. Is fiú breathnú ar na suíomhanna seo a leanas le haghaidh samplaí:

  http://www.bbc.co.uk/cbeebies/
  www.stardoll.com
  www.bbc.co.uk/cbbc
  www.mousebreaker.com
  www.miniclip.com
  www.disneychannel.com
  www.crayola.com

- **Eolas:** Bíonn páistí den aois seo i gcónaí ag cur ceisteanna agus ag bailiú eolais. Cuireann siad suim ar leith i suíomhanna idirghníomhacha a chuireann eolas ar fáil faoin domhan mórthimpeall orainn. Léiríonn torthaí na suirbhéanna agus na bhfócasghrúpaí go bhfuil suim ar leith

acu i suíomhanna ar nós http://answers.yahoo.com/ agus http://kids.nationalgeographic.com/kids. Cuireann an dá shuíomh seo eolas ginearálta ar fáil do na páistí ar bhealach spraíúil, idirghníomhach.

- **Cláir Theachtaireachta:** Ní léir, ón taighde atá déanta againn go bhfuil tóir ag an spriocghrúpa seo ar líonraí sóisialta casta ar nós BEBO srl. Baineann siad úsáid an-teoranta as cláir teachtaireachta áfach. Go minic is taobh istigh de chluichí a bhíonn na cláir seo á n-úsáid. Is iad na samplaí is fearr atá againn don úsáid seo ná www.clubpenguin.com agus www.moshimonsters.com . Bíonn na páistí in ann labhairt le chéile agus teachtaireachtaí a fhágáil dá chéile le linn cluichí. Clár Teachtaireachtaí eile a tháinig chun cinn, i measc daoine níos sine san aoisghrúpa seo ná MSN. Tá buntáiste leis seo mar is féidir a fheiscint cé atá ar líne agus is féidir ansin teachtaireacht a sheoladh agus freagra a fháil láithreach.

- **Aois a 12 – aois a 18:**

Is léir ón taighde atá déanta againn go bhfuil mianta an-éagsúil ag an aoisghrúpa seo. Is mar uirlís cumarsáide agus eolais is mó a úsáideann déagóirí an tIdirlíon. Baineann siad úsáid as freisin le heolas, ceol, físeáin agus grianghraif srl a mhalartú ar a chéile ach tá mianta eile acu freisin i dtaca leis an teanga. Tháinig sé chun solais sa taighde go mbíonn an-suim ag an aoisghrúpa seo in acmhainní teagaisc nó acmhainní a chabhródh leo staidéir a dhéanamh ar an teanga.

- **Cumarsáid**: Mar is eol do chách tá an-tóir ar líonraí sóisialta ar nós Bebo, Facebook agus MySpace. Bíonn úsáideoirí in ann a bpróifíl féin a chruthú agus a leasú go rialta. Cruthaítear naisc le cairde ar fud an domhain agus bíonn siad ag malartú eolais, grianghraf, físeán agus eolais fúthu féin ar na líonraí sóisialta seo. In Éirinn, i measc an aoisghrúpa seo, is í BEBO an líonra sóisialta is mó úsáid. Tá Facebook agus MySpace dírithe níos mó i dtreo na ndéagóirí is sine.

  Baineann an aoisghrúpa seo an-úsáid as seirbhísí eile ar nós MSN le teagmháil a choinneáil le cairde, bíodh siad ina gcónaí síos an bóthar nó ar an taobh eile den domhan. Arís, tá buntáiste ag baint leis na seirbhísí seo mar go bhfuil láithreacht ag baint leo agus is féidir le níos mó ná duine amháin a bheith páirteach sa chomhrá. B'fhiú a lua anseo nár luaigh na páistí an tseirbhís 'Twitter' in aon chor agus cé go bhfuil sé go mór sa nuacht faoi láthair is cosúil gur aoisghrúpa níos sine atá ag baint úsáide as. Ní hé sin le rá nach mbeidh sé in úsáid ag an spriocghrúpa seo amach anseo.

- **Siamsaíocht:** De réir an taighde freisin, is breá leis an aoisghrúpa seo siamsaíocht ar líne. Nuair atá muid ag caint ar shiamsaíocht is do shuíomhanna ar nós YouTube, MySpace, iTunes, agus suíomhanna

eile nach iad atá muid ag tagairt. Má thógaimid YouTube, mar shampla, bíonn déagóirí á úsáid le coinneáil ar an eolas faoin gceol nó faoin gclár teilifíse is déanaí. Ní gá ach breathnú ar réalta Britain's Got Talent, Susan Boyle, leis an tarraingt atá ag an suíomh seo ar dhaoine a mheas. Bhreathnaigh breis agus 26 milliún uirthi ar an suíomh seo i ndiaidh an chláir theilifíse.

Chomh maith le breathnú ar ábhar ar líne bíonn déagóirí ag baint úsáide as suíomhanna ar nós LimeWire agus Pirates Bay le ceol, scannáin agus cláir theilifíse a íoslódáil freisin. Cé go bhfuil úsáid á baint as suíomhanna den chineál seo i measc an aosa óig, i bhfianaise ceisteanna a bhaineann le cóipcheart srl., níltear ag moladh aon bhaint a bheith againn leo.

- **Teilifís:** Gné eile d'úsáid an Idirlín i measc déagóirí ná an gaol atá idir an t-Idirlíon agus cláir áirithe theilifíse. Tháinig suíomhanna ar nós www.disneychannel.com agus www.bbc.co.uk/cbbc chun cinn go mór sa taighde. Breathnaíonn déagóirí ar chláir ar na stáisiúin seo agus ansin leanann siad na carachtair chéanna ar an Idirlíon chun níos mó eolais a fháil mar gheall orthu. Glacann siad páirt i gcomórtais, imríonn siad cluichí agus lorgaíonn siad eolas breise mar gheall ar charachtair.

- **Eolas:** Ceann de na húsáidí is mó a bhaineann déagóirí as an Idirlíon ná leis an nuacht is déanaí a fháil. Ar an dóigh chéanna is a léann daoine eile nuachtáin nó go n-éisteann siad leis an raidió leis an nuacht is déanaí a fháil bíonn déagóirí ag tarraingt ar an idirlíon. Bíonn an-tóir ag na daoine óga seo ar chúlchaint mar gheall ar dhaoine cáiliúla ar shuíomhanna ar nós www.perezhilton.com, ar chúrsaí spóirt, féach www.premierleague.com nó www.skysports.com agus cúrsaí reatha ó shuíomhanna ar nós www.skynews.com , www.rte.ie nó www.bbc.co.uk.
  Suíomh eile a luadh go minic, go háirithe i measc cailíní, ná Slink http://www.bbc.co.uk/switch/slink/ . Seo suíomh a chruthaigh an BBC agus a chuireann comórtais, tuismeánna, nuacht faoi fhaisean, comhairle faoi chúrsaí sláinte, cláir theachtaireachta srl. ar fáil.

- **Oideachas:** Léirigh an t-aoisghrúpa seo suim ar leith freisin in áiseanna a chabhródh leo agus iad ag déanamh staidéir ar an nGaeilge. Luadh go minic suíomhanna ar nós Bytesize, ón BBC, www.Irishdictionary.com, www.examit.ie agus www.focal.ie mar sheirbhísí an-úsáideach ach luaigh siad freisin nach raibh an oiread sin ann chun tacú lena gcuid foghlama.

Suíomhanna Gaeilge atá ann cheana (féach Aguisín 6.)

Níl aon cheist ach go bhfuil rian maith fágtha ag cainteoirí Gaeilge ar an Idirlíon. Tá iliomad suíomhanna ann a chuireann eolas, seirbhísí, nuacht, blaganna srl. ar fáil do phobal na Gaeilge ach cé mhéad de seo atá dírithe ar an aos óg? I bhfírinne, níl an oiread sin atá dírithe go huile agus go hiomlán ar

an aos óg. Ag tosú leis an gcéad spriocghrúpa thuasluaite, 4 – 11, is fiorbheagán atá ann in aon chor. Tá roinnt oibre déanta, arís ag an BBC ar shuíomhanna ar nós Colin and Cumberland, féach www.bbc.co.uk/colinandcumberland, suíomh nach bhfuil á uasdátú níos mó. Seachas sin tá micrealáithreáin éagsúla ag TG4 i gcomhair cláir atá acu ach is eolas atá ann níos mó ná suíomhanna idirghníomhacha. Lasmuigh de sin is beag eile atá ar fáil don aoisghrúpa seo.

Maidir leis an dara spriocghrúpa, an t-aoisghrúpa idir 12 agus 18, tá cúrsaí beagáinín níos fearr. Ag tosú le líonraí sóisialta, tá go leor próifíl cruthaithe ag daoine, grúpaí agus eagraíochtaí i nGaeilge ar BEBO mar shampla. Cé nach bhfuil BEBO féin logánaithe i nGaeilge tá próifíl Gaeilge cruthaithe ag daoine aonaracha, ag cláir theilifíse ar nós Síle ar TG4, ag stáisiúin raidió ar nós Raidió RíRá agus Raidió na Life.

I gcás Facebook, lionra sóisialta eile a bhfuil an-tóir air, tá leagan logánaithe Gaeilge ar fáil agus neart proifíl Gaeilge agus dátheangach air ach, mar a luadh cheana, is é BEBO rogha na coitiantachta i measc an aoisghrúpa seo.

Taobh amuigh de sin, is iad na meáin Ghaeilge is mó atá ag soláthar seirbhísí don aoisghrúpa seo ar líne. Tá an iris ar líne, Beo, á foilsiú ó bhí 2001 ann agus ag cur seirbhís an-mhaith chúrsaí reatha ar fáil a bhíonn go minic oiriúnach don aoisghrúpa seo. Mar is eol dúinn, tá Raidió RíRá, raidió digiteach don aos óg, á chraoladh ar bhonn leanúnach anois agus seirbhís iontach á cur ar fáil aige siúd. Tá seirbhísí eile ar fáil ó Raidió RíRá ar an suíomh aige; tá 'Balla Cainte' acu, agus naisc chuig suíomhanna BEBO, Facebook, Twitter srl. Arís tá micreashuíomhanna forbartha ag an BBC agus ag TG4 do chláir shonracha, mar shampla http://www.bbc.co.uk/northernireland/irish/blas ag an BBC agus http://www.tg4.ie/clar/aifric/aifric.asp. agus is féidir breathnú ar chláir uile TG4 (diomaite de na cláir a cheannaíonn siad isteach ó stáisiúin eile) sa chartlann atá acu ag www.tg4.tv . Chomh maith leis sin tá go leor stáisiún raidió ar fáil ar líne, mar shampla, RTÉ Raidió na Gaeltachta, Raidió na Life, Raidió Fáilte agus BBC Uladh. Cuireann soláthróirí eile a lán cláir eile atá oiriúnach don aoisghrúpa seo ar fáil ar líne.

I dtaobh na meáin chlóite, tá Nuacht24 ar fáil ar líne freisin agus ábhar ann go minic atá oiriúnach don spriocghrúpa seo. Táirge nua a tháinig chun margadh le déanaí ná Nós*, féach www.nosmag.com. Iris iontach atá é seo atá dírithe ar aoisghrúpa os cionn 18 mbliana agus a chlúdaíonn cúrsaí ceoil, scannáin, teicneolaíocht, spóirt agus i bhfad níos mó. Bheadh an stíl, an cur i láthair agus an cur chuige ina ndea-eiseamláir ag aon iris a bheadh dírithe ar an spriocghrúpa seo.

Bearnaí

Go dtí seo sa doiciméid seo tá cur síos déanta againn ar mhianta daoine óga in aon teanga, ar na spriocghrúpaí éagsúla atá ann agus ar na seirbhísí atá ann cheana féin. Fágann seo go bhfuil muid anois in ann a fheiceáil cad iad na bearnaí i soláthar na seirbhísí ar líne. Don aoisghrúpa 4-11 níl mórán ar

fáil in aon chor. Don aoisghrúpa 12 – 18 tá níos mó ar fáil ach tá gá le seirbhísí breise a fhorbairt agus a bhfuil ann a bhailiú le chéile le go mbeadh sé níos éasca teacht air. Seo a leanas na bearnaí atá aitheanta againn ó thaobh na Gaeilge de:

Aoisghrúpa 4-11

- Easpa cluichí idirghníomhacha
- Easpa cláir theachtaireachta simplí
- Easpa láithreáin eolais dírithe ar an spriocghrúpa
- Easpa líonraí idir scoileanna

Aoisghrúpa 12 – 18

- Easpa líonraí sóisialta i nGaeilge
- Easpa cluichí oiriúnacha i nGaeilge
- Níl an t-eolas atá ag teastáil ar fáil i nGaeilge (spórt, faisean, ceol srl.)
- Easpa comhordaithe / poiblíochta, gach rud an-scaipthe
- Easpa líonraí idir scoileanna